Eolas do Scoláirí

# Faigh Léargas níos fearr ar an Saol

## Déan taiscéalaíocht le teangacha

Cuir borradh faoi do ghairm

Déan staidéar thar lear

Deiseanna taistil

Déan nasc le teaghlach agus le cairde


Smaoinigh ar bhealach éagsúil



## Cuir feabhas ar do chuid scileanna teanga

Tá an oiread sin deiseanna ann le leanúint le staidéar ar theangacha ag an tríú leibhéal. Is féidir staidéar a dhéanamh ar theanga mar mhóránbhar nó mar mhionábhar nó mar ábhar roghnach ar go leor cúrsaí ar fud na tíre.

Chun tuilleadh a fháil amach faoi na cúrsaí agus faoi na teangacha ar ar féidir staidéar a dhéanamh, féach ar scagaire Languages Connect sa CourseFinder ar **careersportal.ie**. Is féidir cuardach a dhéanamh ar theanga, ar réimse ábhar nó ar shuíomh, agus mar sin de.



## Déan staidéar thar lear

Bíonn bliain staidéir nó oibre Erasmus thar lear mar chuid de go leor cúrsaí tríú leibhéal. Is deis iontach fáis é sin – ní hamháin go mbíonn deis taistil agat chun tír nua a fheiceáil, ach bíonn deis ann bualadh le go leor daoine suimiúla ó tíortha éagsúla. Is é an bealach is fearr é fosta le feabhas a chur ar do chuid scileanna teanga. Faigheann tú tuiscint ar an domhan ó dhearcadh eile agus tú tumtha i gcultúr nó i modh maireachtála eile.

Dá mba mhaith leat éisteacht le heispéireas daoine óga agus iad ag déanamh staidéir ar theangacha ag an tríú leibhéal, féach ar chainéal YouTube Languages Connect **youtube.com/languagesconnect**



> "Má labhraíonn tú le daoine i dteanga a thuigeann siad, téann sé chuig an gcloigeann acu. Má labhraíonn tú le daoine ina dteanga féin, téann sé sin chuig an gcroí acu."
> **Nelson Mandela**

## Cuir le do chuid eispéiris taistil

Gheobhaidh tú eispéiris níos saibhre agus níos fearr nuair a bheidh scileanna teangacha iasachta agat. Is cuma má tá tú ag ordú caife, ag lorg moltaí ó mhuintir na háite, nó ag tosú ar chomhrá a dtagann nasc fada saoil as, beidh tuiscint níos doimhne agat, agus eispéireas taistil níos fearr má labhraíonn tú teanga na háite.

## Cuir borradh faoi do ghairm

Tabharfaidh teangacha iasachta a lán deiseanna duit agus tú ag obair. Bíonn fostóirí ar lorg daoine atá solúbtha, a bhfuil teacht aniar iontu, agus a bhfuil scileanna maithe cumarsáide acu. Faightear na scileanna sin, agus go leor eile, ó theangacha a fhoghlaim. Dá mba mhaith leat éisteacht le daoine a úsáideann teangacha ina bpost gach lá, féach ar chainéal YouTube Languages Connect **youtube.com/languagesconnect**

### Beidh naisc níos fearr agat le daoine i róil éagsúla má tá teangacha agat

- Gnó
- Taidhleoireacht agus Polaitíocht
- Oideachas
- Faisean agus Áilleacht
- Easpórtáil Bia agus Talmhaíocht
- Cluichíocht agus Suíomh
- Cúram sláinte agus eolaíochtaí leighis
- Daonnúlachas
- TF
- Dlí
- Díolacháin agus Margaíocht
- Na Meáin Shóisialta
- Cúram Sóisialta
- Spórt
- ETIM
- Turasóireacht agus Fáilteachas
- Aistriúchán agus Ateangaireacht
- Agus go leor eile…

"Má tá scoláirí ag smaoineamh ar theanga a fhoghlaim, ná cuir ar an méar fhada é, déan é! Is féidir le scoláirí, a bhfuil teangacha acu, dul isteach i réimsí éagsúla. Ó ghnó go réimsí teicneolaíochtaí go taidhleoireacht, dlí idirnáisiúnta agus polaitíocht – níl teorainn leis na deiseanna."

**Orlaith Tunney**, Comhairleoir Gairmeacha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath



## Go leor leor teangacha Ardteistiméireachta le roghnú astu

B'fhéidir nár aithin tú an líon teangacha atá ann más mian leat staidéar a dhéanamh ar theanga don Ardteistiméireacht! Mar shampla, an bhfuil a fhios agat gur féidir Mandairínis, Liotuáinis, Polainnis nó Portaingéilis a dhéanamh? Is teangacha curaclaim iad sin, rud a chiallaíonn go bhfuil scrúdú cluaise, béil agus scríofa ann.

Gach teanga ón Aontas Eorpach (agus Úcráinis) nach bhfuil ar fáil mar ábhar curaclaim, tá sé ar fáil mar scrúdú neamhchuraclaim. Féach **examinations.ie** chun tuilleadh eolais a fháil. Is féidir teangacha curaclaim agus neamhchuraclaim a úsáid i gcomhair riachtanais iontrála don tríú leibhéal.

## Ranganna teanga Ardteistiméireachta ar an Satharn

A bhuí le Languages Connect/Teangacha Iar-bhunscoile Éireann, cuirtear raon leathan ranganna Ardteistiméireachta i dteangacha éagsúla ar fáil ar an Satharn. B'fhéidir nach bhfuil na teangacha sin ar fáil i do scoilse – Mandairínis, Seapáinis, Liotuáinis, Rómáinis, Polainnis, Portaingéilis agus Rúisis.

Tugtar maoiniú iomlán ón Roinn Oideachais agus Óige do na ranganna sin, agus bíonn siad ar siúl in ionaid éagsúla ar fud na tíre. Chun teacht ar thuilleadh eolais, féach ar **languagesconnect.ie/language-classes**





Cuireann Languages Connect maoiniú ar fáil le haghaidh **campaí samhraidh** i dteangacha tearctheagasctha. Go dtí seo, bhí campaí ar siúl i Mandairínis, Iodáilis, Seapánais, Liotuáinis, Polainnis agus Rómáinis. Is bealach spraíúil é nasc a dhéanamh le cultúr agus teanga a bhfuil suim agat ann.

In 2021, thug muid isteach an modúl **Cuir Fáilte Roimh Theangacha** i mbunscoileanna. Táimid ag tacú le thart ar 1,300 scoil teanga iasachta, nó Teanga Chomharthaíocht Éireann, a thabhairt do na páistí ann. Dá óige a thosaíonn duine ag foghlaim teanga is ea is fearr. Tá tú an-óg go fóill – cén fáth nach dtosófá ar aistear foghlama teanga inniu!

Gach bliain, déanann na mílte scoláire idirbhliana ceiliúradh ar **Sheachtain #ThinkLanguages** ina scoilse, agus faigheann siad amach faoi na buntáistí iomadúla pearsanta, gairmiúla agus sóisialta a bhaineann le scileanna teangacha iasachta. I rith na seachtaine sin, déanann scoláirí iniúchadh ar theangacha agus ar chultúir i meascán gníomhaíochtaí beirte, ceardlanna spraíúla, cainteanna, comórtais agus cluichí.




Dá mba mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi theangacha nó cabhair a fháil chun cinneadh a dhéanamh cad í an teanga is fearr duitse, féach ar an rannóg Déan Iniúchadh ar Theangacha ar **languagesconnect.ie/explore-languages**

Seachadta ag

Teangacha Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary Languages Ireland

Le tacaíocht ón

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth